Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

Bonneagar Iompair Éireann

Tuairisciú ar an mBearna Phá idir na hInscní 2026







Cad í an Bhearna Phá idir na hInscní?

- Is éard atá sa Bhearna Phá idir na hInscní an difríocht i bpá comhlán in aghaidh na huaire ag mná i gcomparáid le fir i gcomhlacht ar leith a léirítear mar chéatadán de phá na bhfear.
- Níor cheart í a mheascadh suas le Pá Comhionann. Baineann pá comhionann leis na difríochtaí pá idir fir agus mná a dhéanann na poist chéanna, poist chomhchosúla nó obair den luach céanna. Tá sé i gcoinne an dlí daoine a íoc go neamhionann de bharr a n-inscne.

Na ceanglais dhlíthiúla

Leis an **Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021** agus na Rialacháin lena mbaineann, soláthraítear an creat dlíthiúil maidir le tuairisciú faoin mbearna phá idir na hinscní in Éirinn. Is éard is aidhm leis an reachtaíocht trédhearcacht a mhéadú maidir le difríochtaí pá idir mná agus fir agus eagraíochtaí a spreagadh chun scrúdú dhéanamh ar na cúinsí a chuireann le haon bhearnaí in ionadaíocht nó in íocaíocht ar fud an lucht saothair.

Faoin reachtaíocht, ceanglaítear ar eagraíochtaí ina bhfuil 250 nó níos mó fostaithe faisnéis a fhoilsiú ar a mbearna phá idir na hinscní thar réimse de mhéadrachtaí forordaithe, lena n-áirítear meánphá agus pá airmheánach in aghaidh na huaire, íocaíocht bhónais, agus dáileadh na bhfostaithe fireanna agus baineanna thar cheathairíleanna pá. Tá tuairisciú ar an mbearna phá idir na hinscní bunaithe ar dháta samplach sonrach i mí an Mheithimh gach bliana, agus an tuairisc a eascraíonn as á foilsiú i mí na Samhna. Tríd an bpróiseas seo, is féidir le heagraíochtaí tuiscint níos fearr a fháil ar chomhdhéanamh an lucht saothair, dul chun cinn a mhonatóiriú le himeacht ama, agus deiseanna a aithint chun cothromaíocht inscne agus comhionannas níos fearr a bhaint amach san ionad oibre.

Ceanglófar ar fhostaithe tuairisciú a dhéanamh ar na difríochtaí inscne maidir le:

- Meánphá agus pá airmheánach in aghaidh na huaire d'fhostaithe lánaimseartha, páirtaimseartha agus sealadacha
- Meánphá agus pá airmheánach bónais
- Céatadán na bhfostaithe a fuair bónas agus/nó sochar comhchineáil
- Líon na bhfear agus na mban a leagan amach thar cheithre bhanda pá ceathairíle
- Is gá go ndéanfadh an tuairisc cur síos ar an gcúis le Bearna Phá an fhostóra idir na hInscní agus na bearta arna moladh nó atá in úsáid chun aon bhearna phá idir na hinscní a laghdú nó a dhíbirt.



Cur síos ar an Tuairisciú ar an mBearna Phá idir na hInscní

An bhearna a thomhas

Chun an tuairisc ar an mBearna Phá idir na hInscní a ghiniúint, breathnaímid ar gach ról agus gach ráta pá ar fud BIÉ.

Meánbhearna phá idir na hinscní: déantar na tuarastail uile a thiontú chuig ráta in aghaidh na huaire agus a shuimiú le haghaidh na bhfear agus na mban faoi seach. Déantar an difríocht idir an meánphá (meánach) do chomhghleacaithe fireanna agus baineanna a ríomh ansin agus a shloinneadh mar % de phá na bhfear.

Bearna phá airmheánach idir na hinscní: Déantar tuarastail na bhfear agus na mban a thiontú chuig rátaí in aghaidh na huaire agus a liostú ón tuarastal is airde a íoctar chuig an gceann is lú a íoctar faoi seach. Déantar an difríocht idir ráta airmheánach na bhfear agus na mban in aghaidh na huaire a shloinneadh mar % de phá airmheánach na bhfear.

Pá sa cheathairíl: céatadán na bhfostaithe fireanna agus baineanna i gceithre ghrúpa fostaithe ar cóimhéid bunaithe ar a bpá in aghaidh na huaire.

An tuairisc a ghiniúint

Is í an tréimhse idir an 9 Meitheamh 2025 agus an 7 Meitheamh 2026 an tréimhse thuairiscithe. Úsáideadh an dáta samplach den dáta pá do na comhghleacaithe go léir a bhí fostaithe ar an 7 Meitheamh 2026.

Conas mar a dhéanaimid an bhearna phá idir na hinscní a thomhas



Conas mar a dhéanaimid an bhearna phá airmheánach idir na hinscní a thomhas



An difríocht ÷ pá na bhfear x 100



Ceathairíleanna

Íochtarach | Lár íochtarach | Lár uachtarach | Uachtarach

Bearna phá BIÉ

Ar an dáta samplach an 7 Meitheamh 2026, bhí 374 fostaí ag BIÉ ar fud na hÉireann. Bhí sé sin comhdhéanta de 40% (151) mná agus 60% (223) fir.

Léiríonn torthaí BIÉ maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní go dtuileann mná in BIÉ **18.92%** níos lú ná na fir inár lucht saothair, ar an meán. Tá an tuarastal airmheánach do mhná **15.64%** níos ísle nuair a chuirtear i gcomparáid é le fir inár lucht saothair. Tá an bhearna phá d'fhostaithe Sealadacha ag **29.09%** ar bhonn meánach agus **-7.29%** ar bhonn airmheánach.

Laghdaigh meánbhearna phá 2026 idir na hinscní go **18.92%**, i gcomparáid le **20.55%** in 2025. Léiríonn an laghdú seo dul chun cinn leanúnach maidir le comhionannas inscne a fheabhsú ar fud na heagraíochta.

Meánbhearna phá idir na hinscní

2026	
Foriomlán	18.92%
Sealadach	29.09%

2025	
Foriomlán	20.55%
Sealadach	N/A%

Ina theannta sin, is táscaire dearfach don eagraíocht é an **laghdú leanúnach ar an mbearna phá airmheánach idir na hinscní** ó 15.89% go 15.64%. **Ní chuireann luachanna foircneacha isteach** ar an bhfigiúr airmheánach chomh mór céanna, go háirithe iadsan sa cheathairíl uachtarach, agus dá bharr sin soláthraíonn sé slat tomhais níos seasmhaí agus níos ionadaíche ar dhul chun cinn i dtreo cothromas pá.

Bearna phá airmheánach idir na hInscní

2026	
Foriomlán	15.64%
Sealadach	-7.29%

2025	
Foriomlán	15.89%
Sealadach	N/A%

Ní bhaineann an mheánbhearna pá bónais ná an bhearna airmheánach pá bónais agus an céatadán den fhoireann a fhaigheann bónais de réir inscne, ní bhaineann siad le hábhar de bharr nach bhfuil scéim bónais ag BIÉ. Ina theannta sin, níl aon fhostaithe páirtaimseartha fireanna againn, rud a chiallaíonn nach féidir linn comparáid a dhéanamh.

Ceathairíleanna tuarastail 2026

Leanann anailís ar na ceathairíleanna tuarastail de bheith ag léiriú éagothroime inscne ar fud na heagraíochta, go háirithe sna róil is airde tuilleamh. Cé go ndéanann mná ionadaíocht ar mhóramh na bhfostaithe sa cheathairíl pá is íochtaraí **(59%)**, laghdaíonn an ionadaíocht a dhéantar orthu go seasmhach thar na bandaí tuarastail is airde, agus iad mar **24%** de na fostaithe sa cheathairíl uachtarach. Léiríonn sé sin feabhas measartha **2%** i gcomparáid le 2025, rud a thugann le fios go bhfuil dul chun cinn áirithe déanta in ionadaíocht na mban ag leibhéil tuarastail níos airde. Mar mhalairt air sin, méadaíonn ionadaíocht na bhfear de réir a chéile ar fud gach ceathairíle pá, ag sroicheadh **76%** sa cheathairíl uachtarach. Cé go bhfuil laghdú **2%** tagtha air sin ó bhí 2025 ann, leanann ró-ionadaíocht de bheith i gceist i dtaobh na bhfear is airde tuilleamh.

Léiríonn an treocht sin go ndéantar ionadaíocht ar níos mó fear i róil ar thuarastail níos airde, de réir mar a bhíonn na mná bailithe le chéile i róil ar thuarastail níos ísle. Is príomhréimse fócais é dul i ngleic leis an éagothroime sin de réir mar a oibrímid chun an bhearna inscne a laghdú.

Fuair **10%** de dhaonra fireann BIÉ Sochar Comhchineáil i gcomparáid le 7% de mhná a fuair Sochar Comhchineáil.

Ceathairíleanna 2026



Ceathairíleanna 2025



Bord BIÉ agus Ionadaíocht Inscne ar an Leibhéal Feidhmeannach

Tá BIÉ tiomanta ar son éagsúlacht agus ionchuimsitheacht inscne a chur chun cinn ar fud gach leibhéil den cheannaireacht. Ag leibhéal an Bhoird, rinne mná ionadaíocht ar 45.5% den cheannaireacht (5 as 11 bhall) in 2026, ag léiriú leibhéal láidir de chomhionannas inscne i gcúrsaí rialachais agus maoirseachta. 30% ab ea an ionadaíocht bhaineann ar an bhFoireann Feidhmiúcháin (3 as 10 mball), ag léiriú dul chun cinn leantach de réir mar a tharraingítear aird ar na dúshláin a bhaineann le paireacht inscne a bhaint amach i gceannaireacht shinsearach laistigh de na hearnálacha bonneagair iompair agus innealtóireachta.

Ionadaíocht Inscne: An Bord agus an Fhoireann Feidhmiúcháin (2026)



Comhthéacs ár n-eagraíochta

Feidhmíonn Bonneagar Iompair Éireann laistigh den earnáil bonneagair iompair agus innealtóireachta, tionscal ina bhfuil éagothroime inscne mhór i gcónaí. Ar fud na hÉireann, leanann mná de bheith faoi ghannionadaíocht in oideachas innealtóireachta agus i lucht saothair innealtóireachta araon. Le taighde ar tharraing Innealtóirí Éireann* agus an tÚdarás um Ard-Oideachas** aird uirthi, fuarthas amach nach mná iad ach 18% de chéimithe innealtóireachta, figiúr nach bhfuil mórán athrú tagtha air le blianta beaga anuas. Mheas an taighde céanna nach bhfuil mná i mbun ach an ceathrú cuid de phoist a bhaineann le ETIM agus leanann siad de bheith faoi ghannionadaíocht shuntasach i bpoist bainistíochta sinsearaí agus feidhmiúcháin.

Lena chois sin, tá dhá oiread dóchúlachta ann go mbeadh céimithe ETIM fireanna i seilbh poist a bhfuil an teideal “innealtóir” ann laistigh de naoi mhí i ndiaidh dóibh céim a bhaint amach ná a gcomhghleacaithe baineanna, rud a léiríonn gur féidir éagothromaíocht inscne teacht chun cinn ag na céimeanna is luaithe de dhul chun cinn gairme.

Bíonn tionchar dhíreach ag na dúshláin sin atá le sonrú ar fud na hearnála ar an soláthar d’fhostaithe cumasacha atá ar fáil d’eagraíochtaí amhail BIÉ. Cé go ndéantar ionadaíocht ar mhná ar fud gach cuid den eagraíocht, leanann siad de bheith faoi ghannionadaíocht i bpoist innealtóireachta, theicniúla agus bainistíochta sinsearaí, ar poist iad a bhaineann le rátaí íocaíochta níos airde de ghnáth. Mar thoradh air sin, is é dáileadh na bhfear agus na mban ar fud gairmeacha, gráid agus leibhéil shinsearachta éagsúla is mó a mbíonn tionchar aige ar bhearna pá BIÉ idir na hinscní, seachas difríochtaí i bpá as obair chomhionann. Leanann BIÉ de bheith tiomanta ar son éagsúlacht a mhéadú ar fud gach leibhéil den eagraíocht agus aithníonn sé go bhfuil sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar ionadaíocht ghairmiúil agus cheannaireachta chun an bhearna phá idir na hinscní a laghdú amach anseo.

Cén fáth a bhfuil bearna againn?

A bhuí le comhthéacs eagraíochtúil BIÉ, is iad seo a leanas is cúis leis an mBearna Phá idir na hInscní:

- Leibhéil rannpháirtíochta ag mná i róil theicniúla agus innealtóireachta atá i bhfad níos ísle (as 106 innealtóir cláraithe in BIÉ, is mná iad 15 díobh)
- Líon níos airde fear i róil bainistíochta sinsearaí agus róil theicniúla shinsearacha i ngach disciplín
- Níos mó ban i róil riaracháin agus i róil ar phá íseal

Tá sé tábhachtach a lua, cé go bhfuil bearna phá in BIÉ, nach gciallaíonn sé sin go bhfuil fir agus mná á n-íoc go neamhionann. Tá cosc curtha faoin reachtaíocht chomhionannais ar níos lú a íoc le duine aonair ná le comhghleacaí as an bpost céanna, ar bhonn inscne amháin. Ailínítear gach fostaí le gráid phá a sholáthraíonn pá comhionann as obair chomhionann beag beann ar inscne, i gcomhréir leis an Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015. Is bunphrionsabal de chur chuige BIÉ i dtaobh pá a mheas ár bhfoireann a íoc go cóir agus go comhionann i gcomhréir lena ngrád, taithí, scileanna agus feidhmíocht.

* Female shortage in engineering will have long-term implications for sector - Engineers Ireland (2024)

** Women in STEM Statistics | Higher Education Authority (2023)

Cad atá ar bun againn cheana féin chun ionad oibre ionchuimsitheach a chur chun cinn

Tuigimid an tábhacht a bhaineann le lucht saothair éagsúil a bheith againn agus na buntáistí a eascraíonn as sin amhail feabhas ar chinnteoireacht, nuálaíocht, réiteach fadhbanna, fostaithe cumasacha a mhealladh agus a choinneáil, sástacht fostaithe méadaithe agus i bhfad níos mó. Soláthraíonn BIÉ an méid seo a leanas chun iarracht a dhéanamh timpeallacht níos ionchuimsithí a chruthú:

Ár bPacáiste Sochar

- Pá comhionann as róil chomhchosúla
- Scálaí tuarastail trédhearcacha ar fáil go poiblí
- Seicheamh tuarastail incriminteach bliantúil
- Scéimeanna pinsin tarraingteacha
- Saoire bhreoiteachta íoctha
- Beartas maidir le Dínit san Ionad Oibre
- Seiceálacha sláinte rúnda
- Scéim Cúnaimh d'Fhostaithe
- Fostaí Coigilteora Cánach
- Áirítear leis na sochair cúraim sláinte: Measúnuithe um Aonad Taispeána Físe, Clár Folláine, Vacsaíniú in aghaidh an fhliú bhliantúil

Straitéis CÉI

- Beartas CÉI
- Beartas Meanapáis
- Soláthar Táirgí Míosta
- Traenáil do bhainistíocht líne i dtaobh tacú le mná sa Mheanapás
- Oiliúint feasachta ar mhíchumas
- Is ball de chlub 30% Fhoras Bainistíochta na hÉireann é BIÉ a bhfuil sé mar aidhm aige éagsúlacht inscne a mhéadú ar bhoird agus ar fhoirne bainistíochta sinsearacha.
- Tá freastal réasúnta ar fáil chun tacú le foireann a bhfuil drochshláinte acu nó atá faoi mhíchumas
- Athbhreithniú leanúnach ar bheartais chun dea-chleachtas CÉI a chinntiú, lena n-áirítear Beartas Earcaíochta agus Roghnúcháin, Beartas CÉI agus Beartas Foghlama agus Forbartha.

Socruithe Oibre Solúbtha

- Socruithe d'obair chumaisc a chumasaíonn cothromaíocht oibre is saoil níos fearr
- Fleisc-am (ar fáil do ghráid áirithe)
- Uaireanta páirtaimseartha ar fáil
- Bliain oibre níos gairide
- Sos gairme
- Fostóir a thacaíonn le teaghlaigh agus a thairgeann tacaíochtaí d'fhostaithe baineanna agus fireanna araon, lena n-áirítear: saoire mháithreachais agus uchtaíoch íoctha, saoire atharthachta íoctha, saoire tuismitheora íoctha, saoire do thuismitheoirí, sosanna le haghaidh beathú cíche, saoire cúramóirí, force majeure, srl.



Forbairt i dtaobh Fostaithe Cumasaithe

- Straitéis Foghlama agus Forbartha
- Clár Meantóireachta
- Réamhíocaíocht ar tháillí oideachais tríú leibhéal
- Traenáil i gclaontacht neamh-chomhfhiosach
- Traenáil i scileanna agallaimh
- Clár Bainistíochta Sinsearaí

Clár Iarchéime – Tá forbairt tagtha ar ár gClár Iarchéime le himeacht aimsire agus tá róil iarchéime bhuana á dtairiscint anois le haghaidh réimse leathan de dhisciplíní proifisiúnta, riaracháin agus teicniúla. Ceapadh an clár chun tacú le céimithe lena bhfás pearsanta agus gairmiúil trí phleananna traenála struchtúracha a sholáthar dóibh agus iad a nascadh le comhghleacaithe a bhfuil taithí acu ar féidir leo treoir a sholáthar, léargas a roinnt agus cuidiú leo dul i ngleic lena n-aistear ag tús a ngairme. Cuidíonn an Clár Iarchéime agus na tacaíochtaí éagsúla le deiseanna comhionanna a chinntiú maidir le dul chun cinn agus forbairt, beag beann ar inscne, agus cuireann siad le cothromas fadtéarmach ar fud BIÉ.



Tacú le hathrú sochaíoch

- Taighde ar roghanna soghluaisteachta na mban chun tacú leis an mbearna sonraí inscne agus réitigh iompair amach anseo á ndearadh.
- Oibriú le hInnealtóirí Éireann ar ‘Chlár na gCéimeanna’ chun bheith mar chuid dá misean chun na glúnta innealtóirí atá le teacht i ngach pobal ar fud na hÉireann a spreagadh agus oiliúint a chur orthu.

Treoraigh do Thodhchaí STEPS – Ceapadh an clár seo chun scoláirí Idirbhliana a spreagadh chun staidéar a dhéanamh ar an innealtóireacht. Ceapadh é chun léargas cuimsitheach a thabhairt do scoláirí Idirbhliana ar ghairm na hinnealtóireachta. Glacann BIÉ le suas le 10 scoláire inár n-oifigí – le chéile – ar feadh tréimhse 3 lá, agus taispeántar an méid atá ar bun againn dóibh agus reáchtáiltear cainteanna agus gníomhaíochtaí mealltacha. Cuidíonn Innealtóirí Éireann le BIÉ chun an clár a ullmhú, ina bhfuil meascán de cheardlanna, gníomhaíochtaí idirghníomhacha agus cur i láthair a chlúdaíonn disciplíní innealtóireachta éagsúla lena n-áirítear innealtóireacht shibhialta.

Creidiúnú Cré-Umha ón Irish Centre for Diversity

Bhain BIÉ Creidiúnú Cré-Umha Infheisteoirí san Ilchineálacht amach ón Irish Centre for Diversity, a thugann aitheantas do thiomantas na heagraíochta ionad oibre ionchuimsitheach, cothrom agus tacúil a chothú. Agus forbairt á déanamh ar an éacht seo, tá BIÉ ag cur lena chlár oibre éagsúlachta agus ionchuimsitheachta ar bhonn gníomhach agus ag obair i dtreo Creidiúnú Airgid Infheisteoirí san Éagsúlacht a bhaint amach laistigh den chéad 12 mhí eile. Tá an gealltanas seo mar chuid thábhachtach de straitéis níos leithne BIÉ chun lucht saothair éagsúil a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil agus chun ionadaíocht inscne a fheabhsú ag gach leibhéal den eagraíocht.



Ár bplean gníomhaíochta

Léiríonn ár ngníomhartha go dtí seo go bhfuilimid dáiríre faoi athrú dearfach. Tá tuilleadh le déanamh agus tá ár n-aistear faoi lán seoil. Ag breathnú chun cinn, glacfaimid na gníomhartha gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a leanas ar mhaithe leis an mBearna Phá idir na hInscní in BIÉ a laghdú agus chun oibriú i dtreo timpeallacht oibre níos ionchuimsithí agus níos éagsúla.



Ár straitéis maidir le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht

Tá sé mar mhian againn a bheith inár n-eagraíocht rathúil ina bhfuil cleachtais agus córais chothroma agus ionchuimsitheacha, arna spreagadh ag ár ngréasán éagsúil fostaithe agus páirtithe leasmhara. Leanfaimid orainn ag forbairt ár gCláir Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta agus na ngníomhartha a ghabhann leis a thuilleadh, agus oibreoimid i dtreo timpeallacht oibre níos ionchuimsithí agus níos éagsúla a chruthú dár bhfoireann uile.



Straitéis earcaíochta agus coinneála

Leanfaimid d'athbhreithniú a dhéanamh ar ár straitéis Earcaíochta agus Coinneála d'fhonn a aithint cén chaoi ar féidir linn níos mó ban agus réimse níos éagsúla d'fhostaithe cumasacha a tharraingt isteach in BIÉ agus iad a choinneáil agus a ngairmeacha in BIÉ a fhorbairt. Agus muid ag dul i dtreo na sprice seo, scrúdóimid ár mbeartais agus ár gcleachtais reatha a thuilleadh agus aithneoimid conas is féidir iad a fheabhsú chun BIÉ a dhéanamh níos inrochtana agus níos tacúla don fhoireann uile.



Fostaithe cumasacha a bhainistiú agus pleanáil comharbais

Leanfaimid d'fheabhas a chur ar ár gcur chuige i dtreo fostaithe cumasacha a bhainistiú agus pleanáil comharbais chun béim ar éagsúlacht ár soláthair fostaithe cumasacha a chuimsiú. Chun tacú le forbairt ghairmiúil ár bhfoirne uile, leanfaidh BIÉ de raon deiseanna foghlama agus forbartha cuimsitheacha a thairiscint, lena n-áirítear oiliúint spriocdhírithe chun tuilleadh tacaíochta a sholáthar do mhná agus dá bhforbairt ghairmiúil amhail rochtain ar dheiseanna meantóireachta agus cláir oiliúna ceannaireachta.



Rannpháirtíocht fostaithe agus cultúr

Leanann BIÉ de bheith tiomanta ar son tuiscint a fháil agus feabhas a chur ar eispéireas an fhostaí trí rannpháirtíocht agus comhairliúchán leanúnach leis an bhfoireann. Le linn 2025 agus 2026, rinneadh dul chun cinn suntasach i dtaobh na ngníomhartha a aithníodh tríd an Suirbhé ar Mheon na Foirne i leith na Rannpháirtíochta, agus móramh na ngníomhartha sin i gcrích den chuid is mó anois. Ina theannta sin, d'fhorbair agus sheol BIÉ Straitéis Rannpháirtíochta Foirne trí bliana, ag soláthar creat soiléir maidir le conas a dhéanfar rannpháirtíocht fostaithe a leabú agus a neartú ar fud na heagraíochta.

Conclúid

Mar fhocal scoir, léiríonn torthaí BIÉ maidir leis an mbearna phá idir na hinscní meascán de chúinsí inmheánacha agus seachtracha a mbíonn tionchar acu ar chothromas pá ar fud na heagraíochta. Ar bhonn inmheánach, leanann dáileadh na ról, conairí dul chun cinn gairme, agus ionadaíocht na mban i bpoist ceannaireachta sinsearaí de thionchar a imirt ar an mbearna phá fhoriomlán. Ar bhonn seachtrach, cuireann treochtaí sochaíocha níos leithne amhail roghanna gairme bunaithe ar inscne, éagothroime ar fud an tionscail i réimsí ETIM, agus patrúin rannpháirtíochta stairiúla sa lucht saothair, cuireann siad leis an éagothromaíocht freisin. Leanann BIÉ de bheith tiomanta ar son dul i ngleic leis na dúshláin sin trí thograí spriocdhírithe agus cleachtais earcaíochta ionchuimsitheacha.

Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

www.tii.ie info@tii.ie +353 1 646 3600